
**An Luan, lch 118**



# Cairde Nua

Bhí an chlann ag campáil sa Fhrainc.
Bhuail Rossa agus Clár le cairde nua nuair a bhí siad ann.
Isabelle agus Franco ab ainm dóibh.
B'as an Iodáil iad.
Cúpla a bhí iontu.
Bhí siad ar laethanta saoire lena dtuismitheoirí freisin.
Bhuail siad le chéile i ndiaidh an bhricfeasta gach lá.
D'imir siad cluichí le chéile gach maidin agus chuaigh siad ag snámh le chéile gach tráthnóna.
Gach oíche, bhí cluichí, físeán nó discó eagraithe ag an ionad campála do na páistí. Bhí an-spraoi ag na páistí.

**CEISTEANNA**

1. **Cá raibh an chlann?** *(Where was the family?)*
2. **Cé leis ar bhuail Rossa agus Clár?** *(Who did Rossa and Claire meet?)*
3. **Céard ab ainm dóibh?** *(What were their names?)*
4. **Cárbh as dóibh?** *(Where were they from?)*
5. **Céard a rinne siad gach lá?** *(What did they do every day?)*

**FOCLÓIR**

**cairde nua** *new friends*
**an Iodáil** *Italy*
**cúpla** *twins*

**An Mháirt, lch 119**






Bhí Jack agus James ar laethanta saoire sa Phortaingéil. Bhí siad ag fanacht in óstán cois farraige. Bhí club na bpáistí ann gach lá.

Rinne siad drámaíocht, ealaín agus cluichí leadóige ann gach maidin. Gach tráthnóna chuaigh siad go dtí an linn snámha. Rith siad rásaí, nó d'imir siad cluichí póló uisce nó eitpheil.

Bhuaigh foireann Jack an comórtas eitpheile agus fuair sé bonn óir. Bhuaigh foireann James na rásaí sealaíochta agus fuair sé bonn óir freisin. Bhí na laethanta saoire thar barr!

**CEISTEANNA**

1. **Cá raibh Jack agus James?** *(Where were Jack and James?)*
2. **Céard a rinne siad gach maidin?** *(What did they do every morning?)*
3. **Cá ndeachaigh siad gach tráthnóna?** *(Where did they go every afternoon?)*
4. **Céard a bhuaigh foireann Jack?** *(What did Jack's team win?)*
5. **Céard a bhuaigh foireann James?** *(What did James's team win?)*

**FOCLÓIR**

**sa Phortaingéil** *in Portugal*
**club na bpáistí** *children's club*
**drámaíocht** *drama*
**póló uisce** *water polo*
**eitpheil** *volleyball*
**foireann** *team*
**rásaí sealaíochta** *relay races*
**thar barr** *excellent*

**An Chéadaoin, lch 120**

# Scannán Taobh Amuigh

Bhí Maud ar bís. Bhí sí ag dul chuig teach a máthar baistí, Anna.
Nuair a shroich sí an teach dúirt a máthair bhaistí léi go raibh siad ag dul amach.
Bhí ciseán picnice i lámh amháin aici agus mála sa lámh eile.
Shiúil siad go dtí páirc a bhí in aice a tí.
Bhí slua mór ann mar bhí scannán ar siúl taobh amuigh sa pháirc an oíche sin.
Chuir Anna blaincéad agus cuisín síos ar an bhféar agus shuigh siad síos.
Thóg sí sailéad, cístí áille agus sú úill as an gciseán.
Thosaigh an scannán ag a hocht a chlog.
I ndiaidh an scannáin, shiúil siad ar ais go dtí teach Anna agus thug sí seacláid the do Maud roimh dhul a chodladh di.



## CEISTEANNA

1. **Cén fáth a raibh Maud ar bís?** *(Why was Maud excited?)*
2. **Céard a bhí i lámha Anna?** *(What was in Anna's hands?)*
3. **Cár shiúil siad?** *(Where did they walk?)*
4. **Céard a thóg Anna amach as an gciseán?** *(What did Anna take out of the basket?)*
5. **Céard a rinne siad i ndiaidh an scannáin?** *(What did they do after the film?)*

## FOCLÓIR

**scannán taobh amuigh** *outdoor film*
**máthair bhaistí** *godmother*
**ciseán picnice** *picnic basket*
**slua mór** *big crowd*
**blaincéad** *blanket*
**cuisín** *cushion* **roimh** *before*